Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022
(OR. en)

7908/22

LIMITE

WTO 58
AGRI 137
UD 76
UK 64

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0098(NLE)**
**2022/0097(NLE)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7905/22 + ADD 1, 7906/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>– Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú na ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 4 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (7905/22 + ADD 1); agus

b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), a bhaineann le lamháltais a mhodhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (7906/22 + ADD 1).

2. An 29 Aibreán 2022, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dá thogra agus d'fhormhuinigh sé iad, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe sin a ghlacadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7909/22 agus in 7911/22 é;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;

– cinneadh a dhéanamh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7910/22 agus in 7911/22 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil; agus

– an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.


PUBLIC